




# Déan...

## glae feamainne de do chuid féin!



Ar sheas tú riamh ar fheamainn agus tú ag siúl ar an trá? Ar thug tú faoi deara go raibh sé glaeúil? Is amhlaidh atá toisc go bhfuil feamainn clúdaithe i sraith atá cosúil le glóthach, a chuireann cosc ar na tonnta damáiste a dhéanamh di.

Braitheann go leor créatúir mhara ar an bhfeamainn mar bhia agus mar ghnáthóg, ach tá an fheamainn (agus na fíteaplanctóin) freagrach chomh maith as thart ar leath d'ocsaigin iomlán ar domhain a tháirgeadh!

Bainimid úsáid aisti mar bhia, mar dhruaga frith-athlastach, mar leasachán agus mar oiriúntóir ithreach. Tá faighte amach ag eolaithe freisin gur féidir feamainn a úsáid le beagnach aon leacht a ramhrú, agus mar sin, úsáidtear feamainn mar oibreán táite i dtáirgí ar nós taos fiacla agus seampú.



Sa turgnamh seo, déanfaidh tú ailgionáit a mheascadh le huisce leis an airí deireanach sin den fheamainn a fheiceáil, i.e. an chaoi a bhfeidhmíonn feamainn mar oibreán táite/ramhraithe i mbia.

## Am le hé a shocrú: 5 nóiméad

### Céard a bheidh ag teastáil uait?

1. Trí chupán bheaga
2. Uisce úr
3. Cipíní suaite
4. Spúnóga tomhais
5. Tuáille páipéir
6. Feamainn phúdrach (ar fáil i bhformhór na siopaí grósaera, i bpasáiste bhia na hÁise de ghnáth – tugtar ailgionáit uirthi go minic)

### Céard atá le déanamh?

1. Ar dtús, cuir spúnóg bhoird uisce i gcupán
2. Úsáid cipín suaite adhmaid le méid beag ailgionáite a chur leis, thart ar  $\frac{1}{4}$  taespúnóg den phúdar.
3. Suaith go bríomhar é ar feadh thart ar a trí nó a ceathair de nóiméid.
4. Déan na céimeanna sin arís le dhá chupán eile. Úsáid an méid céanna uisce i ngach ceann acu, ach i gcupán amháin úsáid beagán níos lú ailgionáite agus sa chupán eile úsáid beagán níos mó.



5. Breathnaigh ar na difríochtaí. Céard a fheiceann tú? An bhfuil an chuma chéanna ar na meascáin ar fad? Cuir do mhéar sna meascáin. Cén chaoi a mbraitheann siad?

### Roinnt eolais faoi ghlae-chumhacht na feamainne:

1. Is úsc púdraithe den fheamainn dhonn í an ailgionáit.
2. Úsáidtear ailgionáit i gcuid mhaith de na táirgí bia agus táirgí eile a úsáidimid: 1) mar eiblitheoir (m.sh., le Comhábhair a choinneáil ar crochadh i maonáis, blastán agus bainne seacláide); 2) mar thiúsóir (m.sh., le líonadh pióige a thiúchan ionas nach ndéanfaidh sé an Cás taosráin bog); agus 3) mar chobhsaitheoir (m.sh., le haghaidh uachtar reoite, le nach bhfoirmeofar criostail mhóra oighir ann).
3. Tá na hairíonna seo úsáideach freisin i dtáirgí eile cosúil le taos fiacla, agus sa tionscal teicstíle le taoisí a thiúchan a bhfuil dath iontu.
4. Sa turgnamh seo, ionsúnn an púdar feamainne an t-uisce agus “coinníonn greim air” mar ghlae. Is é an glae sin an rud a dhéanann na comhábhair sna táirgí a úsáidimid a eibliú, a thiúchan agus a chobhsú.

Le tuilleadh eolais a chur ar airíonna ramhraithe na hailgionáite sóidiam, féach ar an bhfíseán seo:

<https://www.youtube.com/watch?v=Zxa9guEYmus>